Leidleathanach léitheoireachta

Taifid Reatha

Is earráidí iad seo:

Mífhuaimniú (MF)

Malartú (M)

Béarla (B) (Fuaim/Focal)

Ionsá (I)

Easnamh (E)

Tacaíocht Múinteora (TM)

Ní earráidí iad seo:

Féincheartúcháin (FC):

Focail athráite

Iarracht cheart

Achomharc ceart

Fuaimniú de réir canúna

Úsáid cód leis na hearráidí agus na straitéisí a chlárú.

Oibrigh amach an céatadán cruinnis agus an ráta FC.

Ceatadán Cruinnis

1. Focail Reatha – Earráidí = Scór

2. Scór ÷ Focail Reatha x 100 = % Cruinneas

Ráta Féincheartúcháin (FC)

1. Iomlán earráidí + Iomlán FC = Iomlán

2. Iomlán ÷ Iomlán FC x 100 = Ráta = 1:

Tacaigh leis na daltaí na straitéisí ar fad a úsáid go héifeachtach.

Amharc: An bhfuil cuma cheart air?

Brí: An bhfuil ciall leis?

Comhréir: An abairt cheart í?

Na Céatadáin Cruinnis

Téacs furasta: **99-100%**

Leibhéal teagascach: **90-94%**

Téacs dúshlánach: **faoi 90%**

Nótaí múinteora:

- Is féidir leathanach réamhdhéanta a úsáid a bhfuil/nach bhfuil téacs air. Gan an téacs scríobh isteach na cóid de réir mar a léitear.

- Má roghnaítear alt le 100 focal ní gá céatadán a oibriú amach. *(Ní chuirtear teidil, fótheidil, lipéid srl. san áireamh sa chuntas focal)*.

- Má fhágtar líne téacs amach cuntas gach focal sa líne mar earráidí.

- Má léitear ainm duine nó áite níos mó ná uair amháin mar earráid, cuntas aon uair amháin iad. Cuntas gach focal eile a athléitear mar earráid gach uair.

- Is féidir níos mó ná aon straitéis amháin a úsáid: **Amharc**, **Brí**, **Comhréir**. Dírigh aird ar an straitéis nach mbíonn in úsáid agus neartaigh na cinn a úsáidtear. Ba chóir gach ceann a úsáid.

- Má tá focal ann le hathrú, m.sh. séimhiú/urú/iolra/ginideach agus léann an páiste an bunfhocal gan an t-athrú, is earráid **Brí** (B) é sin (aithníonn an dalta an focal iomlán agus níl aird ar na fuaimeanna). Is féidir amharc air mar **Mífhuaimniú** (MF) nó **Malartú** (M) ach tá gá le haird ar na fuaimeanna sa teagasc.

- Leis an teagasc a phleanáil socraigh an úsáideann daltaí **Amharc (A)** (cuma na bhfocal, litreacha), **Brí (B)** (pictiúrleid, ciall, cuimhne) nó **Comhréir (C)** (frása aitheanta) den chuid is mó sa léitheoireacht. Tacaigh leo na straitéisí ar fad a úsáid.